# Conas iarratas a dhéanamh

**Déan Iarratas Ar Líne ag anpost.com/creditcard**

1. **Seiceáil do cháilitheacht**
   **Inseoidh ár seiceálaí cáilitheachta duit cén teorainn chreidmheasa is féidir leat a fháil.**
2. **Iarratas tapa ar líne**
   **Níl aon ghá le coinní ná glaonna gutháin - níl ort ach ár n-iarratas gearr ar líne a chomhlánú aon am, aon áit.**
3. **Faigh amach go tapa**
   **Simplí agus saor ó dhua - a luaithe a dhéanann tú iarratas ar líne, gheobhaidh tú amach laistigh de chúpla soicind an bhfuil d'iarratas faofa i bprionsabal.**
4. **Uaslódáil do dhoiciméid**
   **Críochnaigh d'iarratas trí ghrianghraif de chruthúnas ar do chéannacht, do sheoladh agus d'ioncam a uaslódáil ar líne.**
5. **Faigh do chárta nua**
   **Má éiríonn le d'iarratas, gheobhaidh tú do chárta creidmheasa laistigh de 5-7 lá oibre.**

Tá critéir iasachta agus Téarmaí agus Coinníollacha i bhfeidhm.

*Foinse Bonkers.ie

** Eolas cruinn ón 2 Lúnasa 2023, foinse CCPC.ie. Beidh critéir, téarmaí agus coinníollacha iasachta i bhfeidhm. Beidh gnáthráta athraitheach i bhfeidhm a luaithe a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse thosaigh. Beidh ort d'íos-aisíocaíocht mhíosúil a dhéanamh in am gach mí agus fanacht laistigh de do theorainn chreidmheasa chun do rátaí promóisin a choinneáil. Ní bheidh 9 mí d'ús 0% ar cheannacháin i gceist má úsáideann tú an plean tráthchodanna. Beidh tairiscint aistrithe iarmhéid an Chárta Creidmheasa Classic bailí le haghaidh aistrithe 90 lá ó oscailt an chuntais.

+Is ionann an ráta úis ar aistrithe airgid agus an ráta ceannaigh ar do chárta agus is féidir leat ó €100 suas le 95% de do theorainn chreidmheasa a aistriú.

Tá Cártaí Creidmheasa Classic agus Flex de chuid An Post Money arna n-eisiúint ag Avantcard DAC de bhun ceadúnais ó Mastercard International Incorporated.

Le APR 22.9% glactar le teorainn chreidmheasa €1,500 arna tharraingt anuas in idirbheart amháin agus aisíoctha thar 12 mhí i dtráthchodanna míosúla cothroma, agus dleacht stampála Rialtais de €30. Is é €1,666.50 an méid iomlán atá iníoctha agus is é €136.50 costas an chreidmheasa.

**Rabhadh: Mura n-éiríonn leat na haisíocaíochtaí a dhéanamh ar do chomhaontú creidmheasa, rachaidh do chuntas i riaráistí. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar do rátáil chreidmheasa, rud a d'fhéadfadh srian a chur le do chumas creidmheas a rochtain sa todhchaí.**

Tá An Post ag trádáil mar An Post Money údaraithe mar idirghabhálaí creidmheasa ag CCPC. Feidhmíonn An Post mar idirghabhálaí creidmheasa thar ceann Avantcard DAC, a chuireann seirbhísí agus saoráidí iasachta agus cárta creidmheasa ar fáil. Tá Avantcard DAC ag trádáil mar Avant Money á rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann.

## Dearbhán One4all saor in aisce

Gheobhaidh tú Dearbhán One4all €15 - níl ort ach an cód promóisin thíos a chur isteach agus iarratas á dhéanamh agat ar do chárta creidmheasa ar líne. Seolfaimid do dhearbhán chugat an mhí tar éis duit an cárta nua creidmheasa a ghníomhachtú.




Cód Promóisin

Má tá na réimsí thuas bán, iarr an cód promóisin ag an gcuntar.

**Déan Teagmháil Linn**

**01 705 8000**

**Téigh chuig anpost.com/creditcard**

an post money

E00153793 AMP CCDL 0723

Cárta Creidmheasa

an post money


# Faigh do chumhacht airgid ar ais.



# An iomarca den mhí ag deireadh do chuid airgid?

Faigh Cárta Creidmheasa An Post Money nua agus faigh do chumhacht airgid ar ais inniu. Pioc an **Cárta Creidmheasa An Post Money a oireann duitse.**

## Faigh ús 0% le Flex







Cuir an chumhacht ar ais i do phóca leis an gCárta Creidmheasa is fearr in Éirinn*. Faigh an tairiscint is fearr in Éirinn ar ráta ceannaigh** le Flex - 9 mí d'ús 0% ar cheannacháin.

## Aistrigh & Sábháil le Classic




Bog an iarmhéid atá agat faoi láthair ar do chárta creidmheasa chuig Cárta Creidmheasa Classic de chuid An Post Money agus íocfaidh tú 0% air ar feadh 12 mhí iomlán. Sin é an tairiscint is fearr ar an margadh d'Aistriú Iarmhéid!**

Arna chumhachtú ag Mastercard®.

# Buntáistí an Chárta

### Cén fáth a bhfaighfeá Cárta Creidmheasa de chuid An Post Money?

**An tIarratas ar Fad Ar Líne**
Is próiseas tapa agus simplí é iarratas a dhéanamh ar chárta creidmheasa.

**Cistí Solúbtha**
Aistrigh ó do chárta creidmheasa chuig do chuntas reatha nuair is gá duit, is cuma cá bhfuil tú, saor ó tháille+

**Sealbhóirí Cártaí**
Is féidir leat triúr sealbhóirí breise a chur ar an gcárta.

**Creidmheas saor ó ús**
Gheobhaidh tú suas le 56 lá saor ó ús má íocann tú do bhille in am agus go hiomlán gach mí. Ní bhaineann sé sin le nithe a cheannaítear ag úsáid na gné um plean tráthchodanna nó le hidirbhearta in airgead tirim.

**Glacadh leis ar fud an domhain**
Glactar le Cártaí Creidmheasa de chuid An Post Money ar fud an domhain, áit ar bith a bhfeiceann tú an comhartha Mastercard.

**Cathracha Breátha Mastercard**
Bainfidh tú leas as tairiscintí agus taithí eisiach in Éirinn agus i gcathracha móra ar fud an domhain.

**Teorainn Chreidmheasa**
Socróimid do theorainn chreidmheasa nuair a cheadaímid d'iarratas. Uaireanta nuair a theastaíonn rud beag breise uait, níl ort ach labhairt linn faoi do theorainn a mhéadú gan aon chostas breise ort féin.

**Slándáil Ar Líne**
Seirbhís slándála ar líne atá saor in aisce agus uathoibríoch é 3D Secure a thugann sraith bhreise cosanta duit nuair a bhíonn tú ag siopadóireacht ar líne.

**Smacht ar an gCárta**
Bainistigh cuntas do chárta creidmheasa ar líne agus bíodh smacht agat ar do chuid airgid an t-am ar fad.

**Cárta PLA**
Táimid tiomanta don inbhuanaitheacht, mar sin d'aistríomar ónár gcárta plaisteach chuig ábhar nua, nach bhfuil chomh díobhálach don chomhshaol.